

## Cosc ar ghutháin phóca

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chóras nua, *Yondr*, atá i bhfeidhm i bPobalscoil Chorca Dhuibhne. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. ag triail	a. a change for the better
2. a chur faoi ghlas	b. tapping, scrolling, surfing
3. tapáil, scrolláil, surfáil	c. to go astray
4. mealbhóg (mealbhóigín)	d. agreeing
5. teachtaireacht	e. trying, testing
6. athrú chun feabhais	f. temptation
7. cathú	g. bullying
8. dul ar seachrán	h. pouch (small pouch)
9. ag teacht le rud	i. message
10. bulaíocht	j. to lock

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 2

Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cad é córas *Yondr*?
2. An mbaineann a lán scoileanna in Éirinn úsáid as *Yondr*?
3. Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an gcóras seo?

4. An gceapann an príomhoide gur córas maith é? Cén fáth?
5. An bhfuil an múinteoir Tomás Ó Beaglaoidh i gcoinne úsáid na nguthán póca i gcónaí sa seomra ranga?
6. Conas is féidir mí-úsáid a bhaint as an nguthán póca ar scoil, dar le Faye Greely?
7. Cén tuairim atá ag Seán Ó Cuinn agus Caitlin Ní Ainiféin faoin gcóras?

**Ceist 3** ‘...ar an gcéad...’

‘...ón bhfón...’  
‘...ar an bhfón...’  
‘...ar an obair...’  
‘...ar an gcóras...’

1. Cén chuid den ghramadach atá i gceist leis na samplaí thuas a bhí le cloisteáil sa tuairisc?
2. Ag baint úsáid as na samplaí thuas mar threoir, déan cibé athrú is gá ar na focail idir lúibíní sna habairtí seo:
  - Nach bhfuil do gheansaí ar an (cathaoir) \_\_\_\_\_?
  - Tá sé ag siúl leis an (cailín) \_\_\_\_\_ sin arís.
  - Chuala mé go raibh fadhbanna aige leis an (sláinte) \_\_\_\_\_.
  - Bain triail as an (sailéad) \_\_\_\_\_.
  - Scríobh an múinteoir na freagraí ar an (clár bán) \_\_\_\_\_.
  - Tóg na milseáin ón (páiste) \_\_\_\_\_.
  - Feicfidh mé thú ag an (bialann) \_\_\_\_\_.
  - Tá na leabhair faoin (deasc) \_\_\_\_\_.

**Ceist 4** ‘... ó am go chéile...’

Féach ar na dobhriathra ama eile seo a leanas. Cuir in abairtí iad lena mbrí a chur in iúl. Scríobh fíorabairtí faoi do shaol féin, más féidir.

*amárach, anois is arís, arú inné, choíche, go hannamh, go minic, riamh*

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

**Ceist 5** ‘...a chur...’

Cad é an difríocht idir ‘a chuir’ agus ‘a chur’? Cuir an dá leagan in abairtí lena mbrí a léiriú. Féach na samplaí ón script mar threoir:

‘Faoi chóras *Yondr*, bíonn ar dhaltaí na gutháin a chur faoi ghlas i málaí speisialta.’

'cé a chuir an teachtaireacht chugam anois? Caithfidh mé féachaint air.'

**Ceist 6**

Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An mbaineann tú féin úsáid as do ghuthán póca le linn an lae scoile nó an lae oibre?
2. Conas a chuirfeadh ró-úsáid an ghutháin póca isteach ar shaol duine, dar leat?
3. Cé chomh fada is a d'fhéadfá a bheith beo gan do ghuthán póca? Cén fáth?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
e	j	b	h	i	a	f	c	d	g

### Ceist 2

Féach an script.

### Ceist 3

Freagraí

1. An tuiseal tabharthach, an córas lárnach.
2. Féach:
  - Nach bhfuil do gheansaí ar an **g**cathaoir?
  - Tá sé ag siúl leis an **g**cailín sin arís.
  - Chuala mé go raibh fadhbanna aige leis an **t**sláinte.
  - Bain triail as an sailéad.
  - Scríobh an múinteoir na freagraí ar an **g**clár bán.
  - Tóg na milseáin ón **b**páiste.
  - Feicfidh mé thú ag an **m**bialann.
  - Tá na leabhair faoin deasc.

### Ceist 4

Abairtí samplacha:

*Ní bheidh mé ar scoil amárach.  
Téim go dtí an phictiúrlann anois is arís.  
D'imir mé cispheil arú inné.  
Ní íosfaidh mé bachelóga Buiséile choíche.  
Féachaim ar an teilifís go hannamh.  
Bím ar mo ghuthán póca go minic.  
Níor bhain mé úsáid as scáth fearthainne riamh.*

### Ceist 5

**a chuir** – is é an aimsir chaite den bhriathar **cuir** é sin. Mar shampla: *Sin an fear a chuir an litir chugam.*

**a chur** – is é an t-ainm briathartha den bhriathar **cuir** é. Mar shampla: *Caithfidh mé an litir a chur sa phost.*

### Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá Pobalscoil Chorca Dhuibhne ar an gcéad scoil in Éirinn atá ag triail teicneolaíocht nua a chuireann bac ar úsáid guthán póca le linn am scoile. Faoi chóras *Yondr*, bíonn ar dhaltáí na gutháin a chur faoi ghlas i málaí speisialta. Iarracht atá ann sos agus saoirse a thabhairt do na daltaí ó na gutháin.

### Seán Mac an tSíthigh

Ag tapáil, scrolláil, nó surfáil. Is minic sinn suaite, sloigthe<sup>1</sup> ag ár nguthán póca. Ach i bPobalscoil Chorca Dhuibhe, tá córas nua i bhfeidhm. *Yondr* a thugtar air seo: an fón á chur faoi ghlas i mealbhóigín beag agus iad ag dul isteach ar scoil.

Cé go bhfanann sé ina seilbh, ní féidir an fón a scaoileadh arís nó go bhfágann an dalta an foirgneamh. Sos agus sámhnas ón bhfón.

### Éamonn Mac Muiris, Príomhoide, Pobalscoil Chorca Dhuibhne

Nuair athá<sup>2</sup> *notifications* (fógraí) ag imeacht istigh i do phóca an t-am ar fad, fiú amháin má thánn<sup>3</sup> an fón gan fuaim, bíonn, nádúr an duine is ea, 'cé a chuir an teachtaireacht chugam anois? Caithfidh mé féachaint air.' Agus má thánn tú dírithe ar an bhfón ansin, gan dabht níl tú dírithe ar an obair scoile.

### Seán Mac an tSíthigh

Is é seo an chéad uair a leithéid ar triail i scoil anseo in Éirinn, agus deir múinteoirí go bhfuil sé soiléir gur athrú chun feabhais é.

### Tomás Ó Beaglaioich, Múinteoir

An difríocht ná, níl an cathú sin ann don dalta. Agus, níl an aigne ag dul ar seachrán is dócha. Cuireann siad uathu é ar a naoi a chlog ar maidin. Tá cead acu é a thógaint<sup>4</sup> amach arís le cead an mhúinteora, mar, mar a deirim, is áis iontach í, is ríomhaire beag é agus beidh ábhair áirithe a mbainfidh úsáid aistí (as) ó am go chéile. Agus is maith ann é, ach le cead an mhúinteora, gan dabht. Agus ansin, cuireann siad uatha arís é. Tá na daltaí féin ag teacht leis go diail ar fad.

### Seán Mac an tSíthigh

Cuireann *Yondr* bac ar mhí-úsáid na nguthán chomh maith.

### Faye Greely, Dalta

Ag úsáid, ag tógaint pictiúir de na múinteoirí agus na rudaí sin. Agus, sna leithris ag tógaint pictiúir de na scoláirí gan chead. Agus is dócha go gcuireann sé sin isteach ar scoláirí agus is saghas bulaíochta ar an bhfón.

### Seán Ó Cuinn, Dalta

Tá níos mó ama againn a bheith ag caint lenár gcairde. Nílimid, níl aon duine ag dul ar na fóin le linn an ranga, níl... Táimid níos mó dírithe ar an obair agus i ndáiríre tá sé go maith.

### Caitlín Ní Ainiféin, Dalta

Is dócha go bhfuil, gach aon duine imithe i dtaithí air. Ach is dócha sa rang, níor chuir sé isteach rómhór ormsa *anyway*, mar nach *really* mbím air. *But*, ar an iomlán, tháimid sásta leis.

### Seán Mac an tSíthigh

---

<sup>1</sup> leagan canúnach de 'slogtha'

<sup>2</sup> leagan canúnach de 'atá'

<sup>3</sup> leagan canúnach de 'má tá'

<sup>4</sup> leagan canúnach de 'tógáil'

Tá roinnt scoileanna eile ag faire ar an gcóras seo a chur i bhfeidhm ach gan dabht beidh duine nó beirt ann i gcónaí go mb'fhearr leo a leithéid uathu.

**Conor Corduff, Dalta**

Níl siad an rud is fearr ar domhan *like*. (Ní hiad na rudaí is fearr ar domhan)

**Seán Mac an tSíthigh**

Ní maith leat iad.

**Conor Corduff, Dalta**

No, ní maith liom iad.

**Seán Mac an tSíthigh**

Cé acu ab fhearr leat, go pearsanta?

**Molly Ní Shé, Dalta**

B'fhéidir an fón a bheith agam.

**Seán Mac an tSíthigh**

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, an Daingean.